An Roinn Oideachais
Department of Education

15 Nollaig 2022

A Phríomhoide, a chara,

Agus muid ag teannadh le deireadh an chéad téarma seo, táim cinnte go bhfuil tú ag tnúth leis an sos thar thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana agus é tuillte go maith agat.

Tarraingítear aird sa litir seo ar roinnt nuashonruithe tábhachtacha agus muid ag leanúint ar aghaidh mar phobal scoile ag tabhairt tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teacht as an Úcráin agus a tíortha eile agus atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta.

Tá fáilte curtha ag mórán scoileanna roimhe leanaí agus roimh dhaoine óga as an Úcráin agus as tíortha eile le roinnt míonna anuas agus iad cláraithe acu. Go dtí seo (mí na Nollag 2022), tá breis agus 13,000 leanbh cláraithe inár scoileanna - tuairim is 8,500 i mbunscoileanna agus tuairim is 4,800 in iar-bhunscoileanna.

Sin éacht an-suntasach atá bainte amach ag scoileanna agus ag a bpobail. Is mian leis an Roinn buíochas a ghlacadh le pobail uile na scoileanna as an bhfáilte chroíúil a chuir sibh roimh leanaí, daoine óga agus a dteaghlaigh sna cúinsí deacra seo.

**Achoimre ar na príomhphointí:**

1. *Tá breis agus 13,000 leanbh agus duine óg cláraithe i scoileanna ag pobail scoile ar fud na tíre ó cuireadh tús leis an gcogadh i mí Feabhra.*
2. *Is é is dóichí go leanfar ag bogadh roinnt teaghlach chuig áiteanna cónaithe nua sna míonna seo amach romhainn.*
3. *Is é atá mar sprioc ag an bhfreagairt oideachais ná a chinntiú go mbeidh na leanaí agus na daoine óga go léir atá cláraithe i scoileanna cuimsithe.*
4. *Tá sé fíorthábhachtach, i dtaca le héifeachtacht na freagartha oideachais de, go ndéanfadh na scoileanna go léir POD agus PPOD a nuashonrú a luaithe agus atá leanaí cláraithe sa scoil nó a luaithe agus atá an scoil fágtha acu.*
5. *I gcás go bhfuil brú suntasach ar scoileanna ó thaobh a n-acmhainne leanaí agus daoine óga as an Úcráin a chlárú, ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh le REALT (Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach).*
6. *Eisíodh suirbhé nua maidir le hacmhainn chuig na hiar-bhunscoileanna go léir ar an Luan an 12 Nollaig.*
7. *Tá an ról atá ag REALT leathnaithe chun daoine atá tagtha agus nach as an Úcráin iad a chur san áireamh, rud a chinnteoidh go mbeidh córas soiléir, cuimsitheach amháin ann chun áiteanna scoile a aithint agus chun cúnamh a thabhairt le tacaíochtaí agus a dhéanfaidh an próiseas a chuíchóiriú do leanaí agus do dhaoine óga, dá dteaghlaigh agus do scoileanna.*
8. *Meabhraítear do scoileanna na próisis atá i bhfeidhm chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí breise EAL (Béarla mar Theanga Bhreise) chomh maith le tacaíochtaí RSO (Riachtanais Speisialta Oideachais).*

**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
T +353 (0) 90 6483600 | info@education.gov.ie
www.education.ie

9. *Tá treoir nua ar fáil do scoileanna maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga as an Úcráin ar mian leo rochtain a fháil ar an gcuraclam ar líne san Úcráin.*
10. *Tá nuashonrú déanta ag SNSO (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) ar a dtreoir maidir le folláine scoláirí as an Úcráin.*

De réir mar a leanann an cogadh ar aghaidh san Úcráin, táthar ag súil go leanfaidh daoine de bheith ag teacht sna míonna seo amach romhainn. Is mná agus leanaí is mó atá ag teacht as an Úcráin agus is leanaí agus daoine óga in aois scoile iad tuairim is 28% den líon iomlán atá tagtha. Is cuid ríthábhachtach den fhreagairt náisiúnta maidir le tacú le daoine as an Úcráin atá ag teacht go hÉirinn an fhreagairt thapa agus an fháilte ó phobail scoile.

Tá sé curtha in iúl don Roinn freisin ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, (DCEDIY), a bhfuil sé de chúram uirthi lóistín éigeandála a sholáthar do dhaoine atá ag teacht as an Úcráin nó do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, gurb é is dóichí go mbogfar roinnt teaghlach ón lóistín atá acu faoi láthair, ó am go ham, mar gheall ar a socrúchán a bheith gearrthéarmach agus sealadach. Cuirtear in iúl do scoileanna go bhféadfadh sé go mbeadh ar roinnt teaghlach a suíomh a athrú chun teacht ar lóistín eile.

**Chun go bhféadfar leanúint ar aghaidh leis an bpleanáil agus leis an tacaíocht do scoileanna a bhfuil daltaí agus scoláirí breise acu, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí POD agus PPOD a nuashonrú chun sonraí faoi leanaí atá tar éis clárú sa scoil nó a bhfuil an scoil fágtha acu a chur san áireamh.**

**Acmhainn Scoile**
Admhaítear go bhfuil solúbthacht léirithe ag mórán scoileanna cheana féin agus gur bhain siad úsáid ar réitigh nuálacha chun freastal ar líon breise le linn na scoilbhliana. I gcás go bhfuil scoileanna faoi bhrú maidir leis an acmhainn atá ar fáil, is féidir le baill de na Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALT) oibriú le scoileanna aonair de réir an cháis chun na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil a iniúchadh. Is é is dóichí ná gurb iad na hionadaithe réigiúnacha ó na comhlachtaí bainistíochta scoile agus ón gCigireacht is fearr a bheadh ábalta cúnamh a thabhairt san obair seo. Déanann comhordaitheoir REALT na foirne sin a éascú. Tá ríomhphost teagmhála agus uimhreacha fóin ar fáil ar gov.ie - eolas do scoileanna – An Úcráin (www.gov.ie)

Tríd an obair sin, tá sé beartaithe leanúint de bheith ag tacú le scoileanna chun na scoláirí sin a chuimsiú agus fáilte a chur rompu a oiread agus is féidir go praiticiúil.
Mar chuid den obair sin, is féidir le hAonad Pleanála agus Tógála na Roinne tacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do scoileanna maidir le hoibreacha riachtanacha ar bith a éascú chun an chóiríocht atá ann faoi láthair a athchumrú chun acmhainn bhreise a chruthú. Tá maoiniú deontais ar fáil freisin, de réir mar is gá, i gcomhair troscáin agus trealaimh. Is féidir iarratais ar oibreacha athchumraithe a chur chuig ASAapplications@education.gov.ie agus i gcomhair troscáin agus trealaimh chuig furnitureequipment@education.gov.ie .

I gcás go bhfuil acmhainn bhreise de dhíth, tar éis an acmhainn go léir atá ar fáil i gceantar a uasmhéadú, rachfar i ngleic léi go príomha le réitigh a bhaineann le cóiríocht mhodúlach do mhí Mheán Fómhair 2023 agus rachfar i ngleic freisin leis na riachtanais níos leithne maidir le déimeagrafaic phríomhshrutha agus soláthar do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Suirbhé maidir le hAcmhainn Iar-bhunscoileanna**

**Eisíodh suirbhé nua ar acmhainn chuig na hiar-bhunscoileanna go léir ar an Luan, an 12 Nollaig 2022 chun an acmhainn reatha a fháil amach agus tá suirbhé do bhunscoileanna beartaithe don bhliain nua.** Bhí ráta freagartha de 100% ar na suirbhéanna deireanacha den chineál sin a rinneadh. Is mór againn do chomhoibriú leis an suirbhé seo agus fios againn gur am gnóthach atá ann faoi láthair.

**REALTanna**

Mar chuid de na bearta chun tacú le teaghlaigh atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin bhunaigh an Roinn Oideachais Foirne Oideachais agus Teanga Réigiúnacha (REALT). Is é an príomhról atá ag REALT ná cúnamh a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun áiteanna scoile a aimsiú agus tacú le scoileanna sa cheantar chun freastal ar riachtanais na ndaoine óga sin de réir mar a thagann siad chun cinn, comhairle a chur ar an Roinn agus tacú léi maidir le hacmhainn nua a fhorbairt áit ar gá sin a dhéanamh, agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí oideachais do leanaí agus do theaghlaigh ar fud a gceantair ar leith. Cinntíonn na foirne sin go bhfuil sruthanna eolais atá soiléir agus inrochtana i bhfeidhm idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir tacaíochta náisiúnta i dtaca le daoine atá ag teacht as an Úcráin.

**Tá an ról atá ag REALT leathnaithe chun daoine atá tagtha agus nach as an Úcráin iad a chur san áireamh, rud a chinnteoidh go mbeidh córas soiléir, cuimsitheach amháin ann chun áiteanna scoile a aithint agus chun cúnamh a thabhairt le tacaíochtaí agus a dhéanfaidh an próiseas a chuíchóiriú do leanaí agus do dhaoine óga, dá dteaghlaigh agus do scoileanna.** Ba cheart a thabhairt faoi deara nach soláthraíonn comhordaitheoir REALT ach tacaíocht oibríochtúil amháin agus go bhfuil an fhreagracht i gcónaí ar Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) i leith an linbh lena chinntiú go bhfuil rochtain aige nó aici ar oideachas ag teacht le forálacha Threoir AE.

**Tacaíochtaí breise don Bhéarla agus do riachtanais speisialta oideachais**

I gcás na ndaoine nua go léir atá tagtha chuig ár scoileanna ag an am seo, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, díríodh ar iad a shocrú go luath i suíomh scoile agus deis a thabhairt dóibh socrú síos. Bhí sé i gceist leis sin cúnamh a thabhairt dóibh socrú isteach agus dul i dtaithí ar a dtimpeallacht nua, ar a n-áit chónaithe nua agus ar a scoil nua. San áireamh ansin bhí rochtain ar thacaíochtaí praiticiúla a sholáthar dóibh agus cúnamh maidir le socrú isteach agus cairdeas a dhéanamh.

Cuireadh na socruithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí don Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) don scoilbhliain 2022/23 in iúl do scoileanna roimhe seo. Ní mór iarratais a dhéanamh ar Fhoirm NE-EAL 22/23 atá ar fáil ar an nasc seo.
Déanfar acmhainní EAL a leithdháileadh de réir an tábla atá leagtha amach i bhFoirm NE-EAL 22/23.

I gcásanna nach féidir le hiar-bhunscoileanna teacht ar mhúinteoir chun uaireanta EAL a chomhlíonadh, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh díreach chuig an gcomhordaitheoir ESOL sa BOO áitiúil agus déanfar teagascóir, má tá duine ar fáil, a shannadh ó phainéal ESOL chun na huaireanta sin, nó fuílleach na n-uaireanta sin, a chlúdach. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhfuil tacaíochtaí ESOL ar fáil ach amháin in iar-bhunscoileanna.
I gcás leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu agus atá ag clárú i scoileanna in Éirinn, tá an Roinn Oideachais ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil a socrúchán sa timpeallacht is cuimsithí agus is fearr a thacaíonn lena bhfolláine, lena gcuimsiú agus lena rannpháirtíocht ina gcuid oideachais. Samhlaítear go leanfaidh formhór na leanaí a thagann agus RSO orthu ag clárú i suíomhanna ranganna príomhshrutha agus go bhfaighidh siad rochtain ar na tacaíochtaí atá sa scoil cheana féin. Tá nóta treorach, ina leagtar amach an bunús ar a ndéanfar acmhainní múinteora oideachais speisialta (MOS) agus cúntóra riachtanas speisialta (CRS) sa bhreis a leithdháileadh, más gá, ar fáil anseo.

Tugtar le fios sa nóta sin freisin conas tacú le leanaí a bhfuil RSO acu agus go bhféadfadh sé gur gá dóibh rochtain a fháil ar rang speisialta nó ar shocrúchán scoile speisialta. Moltar do scoileanna leanúint orthu ag obair lena n-eagraí riachtanas speisialta oideachais áitiúil.

**Iar-bhunscoileanna - Ag tacú le leanaí ar mian leo leanúint orthu le rannpháirtíocht ar líne**

Cé go raibh leanaí agus daoine óga ag clárú i scoileanna, is eol dúinn go bhfuil Aireacht Oideachais na hÚcráine ag spreagadh scoláirí chun nasc a dhéanamh lena seanscoil, nuair is féidir sin a dhéanamh, agus tá ardán ar líne curtha ar fáil aici chun a bheith páirteach sa churaclam. Tá curaclam na hÚcráine á sholáthar trí chianfhoghlaim atá á tairiscint ag scoil san Úcráin nó tríd an Scoil ar Líne don Úcráin Uile ar shuíomh gréasáin tiomnaithe. Is é an réimse tosaíochta is tábhachtaí do mhórán scoláirí as an Úcráin ná leanúnachas ina gcuid foghlama i dteanga agus i stair na hÚcráine. D'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí níos sine ag ullmhú do scrúduithe iontrála ollscoile an samhradh seo chugainn.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach do scoileanna rochtain ar churaclam na hÉireann agus ar churaclam ar líne na hÚcráine a shocrú. Is eol do scoileanna freisin go bhféadfadh roinnt scoláirí sa tsraith shinsearach a bheith rannpháirteach i gcuraclam ar líne na hÚcráine roimh am scoile agus ina dhiaidh. Moltar do scoileanna é sin a phlé lena scoláirí agus lena dtuismitheoirí lena chinntiú nach bhfuil an rannpháirtíocht bhreise sin ag cur brú iomarcach ar na scoláirí, nó ag cur isteach ar bhealach díobhálach ar lánpháirtiú agus ar chuimsiú, agus iad ag

iarraidh cothromaíocht a aimsiú idir a rannpháirtíocht ar líne le curaclam na hÚcráine agus a bhfreastal ar an scoil agus a rannpháirtíocht inti.

Tá treoirdhoiciméad gearr ullmhaithe chun tacú le scoileanna maidir le bainistíocht a dhéanamh ar iarratais ó theaghlaigh do leanaí agus do dhaoine óga as an Úcráin atá cláraithe sa scoil agus ar mian leo a bheith rannpháirteach ar líne le curaclam na hÚcráine agus is féidir teacht air anseo.

I gcás go léiríonn tuismitheoirí gurbh fhearr leo gan a gcuid leanaí a chlárú i scoil agus é ar intinn acu a bheith rannpháirteach go hiomlán san fhoghlaim ar líne agus sa chianfhoghlaim atá ar fáil ón Úcráin, ní mór do na tuismitheoirí iarratas a dhéanamh chuig TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, chun a leanbh a chur ar chlár na leanaí a bhfuil oideachas á chur orthu lasmuigh de scoileanna aitheanta. Is féidir sonraí faoin bpróiseas iarratais a fháil ag https://www.tusla.ie/services/family-community-support/alternative-education-assessment-and-registration-service/

**Acmhainní Folláine/Tráma/iompair**

Tá nuashonrú déanta ag SNSO ar an treoir do scoileanna maidir le tacú le folláine leanaí agus daoine óga atá díreach tagtha as an Úcráin nó a tháinig as an Úcráin le gairid. San áireamh sa leagan nuashonraithe sin tá straitéisí agus acmhainní chun cuidiú le foirne scoile cuir chuige a shaincheapadh chun tacú le folláine daltaí/scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Tá an treoir sin ar fáil anseo.

Má tá riachtanais eile tacaíochta ag do scoilse nó ceisteanna eile, mar phríomhoide na scoile, is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin le líne chabhrach na Roinne do phríomhoidí ach ríomhphost a sheoladh chuig USupport@education.gov.ie nó glaoch teileafóin a chur ar 057 9324461

Thar ceann na Roinne Oideachais, is mian liom an deis seo a ghlacadh chun Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise a ghuí oraibh le bhur dteaghlaigh.

Is mise, le meas

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta